C/2024/7471

17.12.2024

Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis na díolúintí atá le cur i bhfeidhm ag an Danmhairg faoi Airteagal 2(3) de Rialachán (AE) 2023/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar

(C/2024/7471)

Foilsiú na ndíolúintí dá dtagraítear in Airteagal 2(3) de Rialachán (AE) 2023/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar (Rialachán FuelEU Maritime) ([1]), tá sé bunaithe ar an bhfaisnéis a chuireann na Ballstáit in iúl don Choimisiún i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos san Airteagal sin.

Thug an Danmhairg fógra don Choimisiún faoina cinneadh na díolúintí faoi Airteagal 2(3) de Rialachán (AE) 2023/1805 a chur i bhfeidhm maidir leis na hoileáin agus na calafoirt a liostaítear thíos:

AINM AN OILEÁIN	AINM AN CHALAFOIRT
Bornholm	Rønne
Samsø	Sælvig

([1]) IO L 234, 22.9.2023, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1805/oj.